# Creat Cistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas
## (Doiciméad Próiseas Comhairliúcháin)

**Réamhrá**

Ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, is ea an earnáil ardoideachais a chistiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcistiú sin.

De réir alt 37 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, tugtar sa doiciméad seo tuairisc ar Chreat Cistiúcháin an ÚAO.

Alt 37(2): *"Déanfaidh an tÚdarás, le ceadú ón Aire, creat (dá ngairtear "creat cistiúcháin" san Acht seo [Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022]) a ullmhú agus a bhunú ó am go ham le haghaidh cistiú a leithdháileadh ar chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin ar mhodh atá i gcomhréir le cuspóirí agus feidhmeanna an Údaráis [an ÚAO] dá bhforáiltear san Acht seo [Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022] agus de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire [an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta] dó".*

Ina theannta sin, foráiltear le halt 37(3) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, go rachaidh an ÚAO i gcomhairle le comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin nó lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun creat cistiúcháin a ullmhú agus a bhunú, agus is é an doiciméad seo an bunús don chomhairliúchán sin.

Úsáideann an ÚAO modhanna éagsúla chun cistiú a leithdháileadh, lena n-áirítear samhlacha comhaontaithe leithdháileacháin, éilimh agus glaonna iomaíocha, ach gan a bheith teoranta dóibh. Beidh éagsúlacht ann maidir leis an gcistiú a leithdháilfear, agus é ag brath ar cé acu is scéim nó clár iomaíoch atá sa scéim cistiúcháin nó sa chlár cistiúcháin nó nach ea nó ar cé acu is scéim nó clár atá sonrach don institiúid atá sa scéim cistiúcháin nó sa chlár cistiúcháin nó nach ea. Tá sampla de chláir chistiúcháin agus de na modhanna leithdháileacháin a úsáidtear tugtha sa tábla thíos:

**Sampla de Chláir Chistiúcháin agus Modhanna Leithdháileacháin an ÚAO**

| Clár Cistiúcháin | Forbhreathnú | Modh Leithdháileacháin |
|---|---|---|
| Croídheontas | Soláthraítear an croídheontas d'institiúidí ardoideachais áirithe mar bhlocdheontas chun freastal ar ghnáthchaiteachas laethúil pá/neamhphá a bhaineann le gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus tacaíochta. | Samhail um Leithdháileadh Deontas Athfhillteach |
| Deontas in ionad Táillí In Aisce | Cistiú a sholáthraítear d'institiúidí ardoideachais áirithe faoin Tionscnamh Táillí in Aisce. | Éilimh |

| | | |
|---|---|---|
| An Clár Taighde Thuaidh-Theas | Scéim chomhoibríoch a gcistíonn Rialtas na hÉireann í tríd an gCiste um Oileán Comhroinnte. | Iomaíoch |

Ceann de na ceanglais faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, is ea "Creat Cistiúcháin" a chruthú lena bpléitear le cistiú a leithdháileadh ar chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin ar mhodh atá i gcomhréir le cuspóirí agus feidhmeanna an ÚAO faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

Mar atá luaite in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, ní ghlacfar leis go gciallaíonn aon ní in alt 37 go leithdháilfidh an ÚAO cistiú ar aon institiúid ainmnithe ardoideachais, ar aon soláthraí eile ardoideachais nó ar aon soláthraí, comhlacht nó duine eile oideachais in aon bhliain airgeadais.

**Creat Cistiúcháin**

De réir alt 37(4) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, sonrófar sa chreat cistiúcháin na scéimeanna agus na cláir ar ina leith a leithdháilfidh an ÚAO cistiú ar chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin, agus na critéir agus na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh an cistiú sin a leithdháileadh ar chomhlachtaí den sórt sin.

Ag brath ar an bhfoinse cistiúcháin, amhail cistiú Roinne nó cistiú Eorpach, léireofar na ceanglais a bheidh ar an soláthraí cistiúcháin deiridh don ÚAO agus aon téarmaí agus coinníollacha gaolmhara i gcoinníollacha cistiúcháin an ÚAO chun ceanglais den sórt sin a chomhlíonadh. Féadfaidh an ÚAO a shonrú go gcaithfí cistiú de réir coinníollacha cistiúcháin a bhféadfaidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚAO a shonrú i scríbhinn faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, le ceadú ó Bhord an ÚAO le haghaidh coinníollacha cistiúcháin, i gcás go mbeidh ceadú den sórt sin ag teastáil. Is é an cuspóir atá leis sin a chinntiú go gcaitear cistiú i gceart agus go cuí, go dtugtar cuntas air ar mhodh cruinn agus de réir na n-oibleagáidí dlíthiúla iomchuí, agus go gcaitear é ar mhodh atá cost-éifeachtúil agus tairbhiúil agus a bhaineann luach cuí ar airgead amach.

Ba cheart do chomhlachtaí cistithe agus do chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin breathnú ar Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus ar reachtaíocht earnála, ar reachtaíocht atá sonrach don institiúid agus/nó ar reachtaíocht eile is infheidhme maidir leo. Áirítear le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, le reachtaíocht earnála, le reachtaíocht atá sonrach don institiúid agus/nó le reachtaíocht eile forálacha breise is infheidhme maidir le comhlachtaí cistithe agus maidir le comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin, ar forálacha iad nach dtagann faoi raon feidhme an Chreata Cistiúcháin.

Is é atá sa Chreat Cistiúcháin coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta agus a n-éilíonn an ÚAO iad i ngach cás, agus beidh coinníollacha sonracha a bhaineann leis na scéimeanna sonracha cistiúcháin agus leis na cláir shonracha chistiúcháin mar a bheidh i ndoiciméid chistiúcháin aonair amhail litreacha, téarmaí agus coinníollacha, comhaontuithe deontais nó Sceidil a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin, de réir mar is cuí do gach scéim shonrach.

Ar mhaithe le soiléire, is tugtha in Aguisín 1 atá mínithe ar na téarmaí a úsáidtear, agus giorrúcháin de na téarmaí a úsáidtear, sa Chreat Cistiúcháin seo agus i litreacha cistiúcháin aonair, i dtéarmaí

agus coinníollacha aonair, i gcomhaontuithe deontais aonair agus i Sceidil aonair a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin.

Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de **mheascán de na nithe seo a leanas**:

A. na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach thíos, ar coinníollacha iad a mbeidh feidhm acu maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin;

**agus**

B. coinníollacha sonracha a bhaineann leis na scéimeanna sonracha cistiúcháin agus leis na cláir shonracha chistiúcháin, mar a bheidh i litreacha cistiúcháin aonair, i dtéarmaí agus coinníollacha aonair, i gcomhaontuithe deontais aonair agus/nó i Sceidil aonair a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin, de réir mar is cuí do gach scéim shonrach cistiúcháin nó do gach clár sonrach cistiúcháin.

Áirítear iad seo a leanas leis na coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta, mar atá leagtha amach faoi alt 38(2) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus mar atá ceadaithe ag Bord an ÚAO:

a) faisnéis airgeadais agus faisnéis eile a sholáthar do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚAO;
b) an cistiú a úsáid ar mhodh cost-éifeachtúil tairbhiúil;
c) oibriú de réir caighdeáin dea-rialachais;
d) na treoirlínte, na cóid agus na beartais arna n-eisiúint ag an ÚAO faoi alt 143 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, a chomhlíonadh;
e) an creat cistiúcháin a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach;
f) ceanglais airgeadais a chomhlíonadh;
g) Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus na rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh; agus
h) cibé coinníollacha eile a chinnfidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an ÚAO, le ceadú Bhord an ÚAO, a chomhlíonadh, lena n-áirítear na coinníollacha seo a leanas, de réir mar a dhéanfar iad a leasú, a mhodhnú nó a fhorlíonadh ó am go ham:
    1. Comhaontú Formhaoirseachta a chomhlíonadh, nuair is infheidhme;
    2. gach dlí agus oibleagáid iomchuí a chomhlíonadh;
    3. a chinntiú go n-úsáidtear an cistiú ar fad a fhaightear ón Státchiste chun na gcríoch dá soláthraítear é, mar atá leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha an deontais nó na ndeontas, agus go mbaintear luach ar airgead amach agus go bhfianaítear é sin
    4. gach nós imeachta agus reachtaíocht iomchuí airgeadais phoiblí a chomhlíonadh i gcónaí, lena n-áirítear reachtaíocht cánachais agus téarmaí Chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, lena n-áirítear an Ráiteas faoi Phrionsabail do Dheonaithe (mar atá leagtha amach i gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe), ach gan a bheith teoranta dó;
    5. socruithe éifeachtacha leordhóthanacha rialachais, bainistíochta agus cuntasachta a bheith i bhfeidhm, agus iad a chothabháil i gcónaí, agus a chinntiú go gcoinníonn an institiúid dea-chleachtas ar bun i gcónaí le linn di a gnóthaí a chur i gcrích;

6. a chinntiú i gcónaí nach bhfuil an institiúid ag fáil cistiú dúblach don aon ghníomhaíocht amháin nó don aon tionscadal amháin;
7. aisíocaíocht a sholáthar don ÚAO i gcás aon ró-íocaíocht deontais;
8. nósanna imeachta bunaithe soláthair a bheith i bhfeidhm, agus iad a chothabháil i gcónaí, agus a chinntiú, nuair is iomchuí, go bhfuil an soláthar earraí agus seirbhísí de réir cheanglais soláthair an Aontais Eorpaigh agus de réir ceanglais náisiúnta soláthair;
9. nósanna imeachta cuí rialaithe inmheánaigh, formhaoirseachta agus cumhdaigh a bheith i bhfeidhm, agus iad a chothabháil i gcónaí;
10. Má íocann an Institiúid deontais ar aghaidh ó chistiú a fhaightear ón ÚAO, ní mór na téarmaí nó coinníollacha a ghabhann leis an gcistiú sin a chur i bhfeidhm i leith na n-íocaíochtaí ar aghaidh sin.

Beidh na coinníollacha sonracha cistiúcháin a bhaineann le scéimeanna cistiúcháin aonair agus le cláir chistiúcháin aonair mar a bheidh i ndoiciméid chistiúcháin aonair amhail litreacha, téarmaí agus coinníollacha, comhaontuithe deontais agus/nó Sceidil a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin, de réir mar is cuí do gach scéim shonrach cistiúcháin nó do gach clár sonrach cistiúcháin. Tá na coinníollacha sin mar chuid den Chreat Cistiúcháin atá beartaithe, agus is ionann iad agus coinníollacha sonracha cistiúcháin do scéim cistiúcháin aonair nó do chlár cistiúcháin aonair den sórt sin atá sa bhreis ar na coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta. Féadfaidh go n-áireofar le coinníollacha sonracha cistiúcháin coinníollacha amhail iad sin atá liostaithe thíos agus coinníollacha eile is iomchuí don scéim cistiúcháin nó don chlár cistiúcháin:

1. Torthaí a bhfuiltear ag súil leo
2. Tionchar a bhfuiltear ag súil leis
3. Incháilitheacht do chistiú
4. Tréimhse cistiúcháin
5. Prionsabail leithdháileacháin
6. Próiseas achomhairc, de réir mar is infheidhme
7. Catagóirí caiteachais incháilithe
8. Coinníollacha eile, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Féadfaidh go ndéanfar doiciméid den sórt sin do scéimeanna sonracha cistiúcháin nó do chláir shonracha chistiúcháin a fhorlíonadh, a mhodhnú nó a leasú ó am go ham, agus cumhdófar iontu na ceanglais shonracha do gach scéim cistiúcháin agus do gach clár cistiúcháin de chuid an ÚAO. De réir mar is infheidhme maidir leis an scéim cistiúcháin nó maidir leis an gclár cistiúcháin, doiciméadófar riachtanais agus ionchais shonracha mar choinníollacha cistiúcháin i litreacha cistiúcháin aonair, i dtéarmaí agus coinníollacha aonair, i gcomhaontuithe deontais aonair nó i Sceidil aonair a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin, de réir mar is cuí do gach scéim shonrach cistiúcháin nó do gach clár sonrach cistiúcháin.

**Athbhreithniú agus Nuashonruithe**

Athbhreithneofar an Creat Cistiúcháin, de réir mar is gá.

**Aguisín 1 - Mínithe[1] agus Giorrúcháin**

**Gníomhartha**
Is iad seo na tionscnaimh a sheoltar mar thoradh ar chinneadh straitéiseach a dhéantar chun freagairt do dhúshlán sainaitheanta nó do dheis shainaitheanta.

**Gníomhaíochtaí**
Is éard atá i ngníomhaíochtaí ná gnáthobair laethúil na hinstitiúide. Is minic a thomhaistear iad i dtéarmaí méide, réime nó scála, e.g., an líon iarratas ar dheontas, an líon mac léinn atá rollaithe, an líon rannpháirtithe foirne, an líon teastas a bronnadh, an líon méadar cearnach den champas a forbraíodh, an líon tionscadal coigiltis fuinnimh a cuireadh i gcrích, an líon imeachtaí nó ceardlann a reáchtáladh.

**Bord an Údaráis um Ard-Oideachas**
"Bord", mar a thuigtear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

**Caiteachas Caipitil**
Is leis an téarma 'caiteachas caipitil' atá an bhrí a thugtar dó sa Chód Caiteachais Phoiblí[2]. Tagraíonn sé do shócmhainní seasta suntasacha a fháil, a thógáil nó a fheabhsú, lena n-áirítear talamh, foirgnimh agus trealamh a bheidh in úsáid nó a bheidh chun tairbhe ar feadh níos mó ná bliain airgeadais amháin. Féadfaidh go n-áireofar leis freisin sócmhainní nach bhfuil chomh hinláimhsithe céanna, amhail bogearraí TF.

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas**

**Coinníollacha Cistiúcháin**
Beidh leis an téarma 'Coinníollacha Cistiúcháin' an bhrí a thugtar do choinníollacha le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, is é sin: coinníollacha ar faoina réir a sholáthraítear cistiú do Chomhlacht Cistithe nó a fhéadfar cistiú a sholáthar do Chomhlacht Cistithe. Beidh na Coinníollacha Cistiúcháin faoin gCreat Cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta agus de na Coinníollacha Sonracha Cistiúcháin, nuair is iomchuí.

**Institiúid Ardoideachais Chroíchistithe**
Institiúid ardoideachais a fhaigheann Croíchistiú.

**Croíchistiú**
Chun críocha an Chreata Cistiúcháin, ciallaíonn sé seo cistiú athfhillteach a sholáthraíonn an ÚAO chun freastal ar ghnáthchaiteachas laethúil pá agus neamhphá a bhaineann le gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus tacaíochta de chuid institiúidí ardoideachais.

---

[1] Maidir leis na téarmaí a úsáidtear in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, tuigtear iad mar atá mínithe in Acht an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá na téarmaí eile ceaptha chun a bheith i gcomhréir le Creat Feidhmíochta Córais an ÚAO 2023-2028 nó le doiciméid eile, de réir mar is iomchuí.
[2] Mar atá mínithe sa *Chód Caiteachais Phoiblí: Treoir maidir le Caiteachas Reatha a Mheas, a Phleanáil agus a Bhainistiú* (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2012, arna nuashonrú sa bhliain 2019).

**Caiteachas Reatha**[3]

Is éard atá i gceist le Caiteachas Reatha ná gnáthchaiteachas laethúil, agus is gnách go n-áirítear leis, mar shampla, caiteachas ar thuarastail seirbhíseach poiblí a ghabhann do sheirbhísí poiblí a sholáthar agus costais neamhphá amhail ábhair agus earraí agus seirbhísí a sholáthraítear ar bhonn tráchtála.

**An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**
Gairtear an Roinn Oideachais den Roinn seo i reachtaíocht earnála áirithe a foilsíodh sular bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Institiúid Ainmnithe Ardoideachais**
Mar a thuigtear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus i reachtaíocht earnála.

Meastar na hinstitiúidí ardoideachais seo a leanas a bheith "ainmnithe":
(i) ollscoil bhunaithe;
(ii) institiúid oideachais arna bunú mar ollscoil faoi alt 9 d'Acht na nOllscoileanna, 1997;
(iii) ollscoil teicneolaíochta de réir bhrí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018;
(iv) coláiste a bhfuil feidhm ag na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006, maidir leo;
(v) an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha;
(vi) soláthraí oideachais ar soláthraí údaraithe é de réir bhrí ailt 54 go 57 d'Acht na nOllscoileanna, 1997;
(vii) cibé soláthraithe eile ardoideachais ar ina leith atá ordú ainmniúcháin faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, i bhfeidhm.

**Comhlacht Cistithe**
Mar a thuigtear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, is é sin: duine nó comhlacht atá ag fáil cistiúcháin ón ÚAO. Féadfaidh go mbeidh Comhlacht Cistithe ag fáil aon chineál cistiúcháin ón ÚAO. Beag beann ar an gcineál cistiúcháin, is Comhlacht Cistithe a bheidh ann, mar a thuigtear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

**Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta**
Tá feidhm ag coinníollacha cistiúcháin is infheidhme go ginearálta maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin. Tá siad sin mar atá leagtha amach faoi alt 38(2) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus mar atá ceadaithe ag Bord an ÚAO.

**An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO)**
An tÚdarás, mar a thuigtear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, agus faoi reachtaíocht earnála.

**Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022**

**Institiúid Ardoideachais**

---

[3] Arna ghlacadh ón doiciméad dar teideal *Forbhreathnú ar Chaiteachas Reatha agus Caipitil laistigh de Chaiteachas Rialtais* (An Oifig Buiséid Pharlaiminteach, 2023).

Ciallaíonn Institiúid Ardoideachais institiúid a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna amháin ar a laghad as a mbronntar céim nó cáilíocht eile atá ar leibhéal céime baitsiléara ar a laghad agus atá ar áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

**Soláthraí Ardoideachais**
Ciallaíonn Soláthraí Ardoideachais Institiúid Ardoideachais nó duine a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna amháin ar a laghad as a mbronntar céim nó cáilíocht eile atá ar leibhéal céime baitsiléara ar a laghad agus atá ar áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

**Tionchar**
Is é atá i gceist le tionchar an éifeacht dhearfach nó an t-athrú dearfach a tharlaíonn mar thoradh ar ghníomh a cuireadh i gcrích go maith, agus is gnách go mbíonn an éifeacht nó an t-athrú sin de chineál meántéarmach nó fadtéarmach.

**Táscaire**
Is ionann táscaire agus na sonraí nó an mhéadracht a úsáidfidh institiúidí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun rath a thomhas.

**An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**
Gairtear an tAire Oideachais den Aire seo i reachtaíocht earnála áirithe a foilsíodh sular bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Toradh**
Is é seo an Toradh ar Ghníomh nó ar Ghníomhaíocht. Léiríonn Torthaí na hathruithe a rannchuideoidh leis an Tionchar. Cuireann siad ar a gcumas do Chomhlachtaí Cistithe meastóireacht a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil Gníomhartha a thacaíonn le cuspóirí straitéiseacha, cuspóirí feidhmíochta nó cuspóirí eile ag obair go cuí. Is ionann an Toradh ar Ghníomh nó ar Ghníomhaíocht agus Táscaire ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh tionchar ag an ngníomh nó ar an ngníomhaíocht le himeacht ama.

**Aschur**
Is ionann Aschur agus an toradh ar Ghníomhaíocht nó ar Ghníomh. Gairtear 'táirgí insoláthartha' d'aschuir ó am go ham. Ní thomhaiseann soláthar Aschuir laistigh de chreat ama áirithe na torthaí ar an nGníomh ná éifeacht an Ghnímh. Dá bhrí sin, ní sholáthraíonn sé Táscaire ná sprioc oiriúnach.

**Sceideal a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin (Sceideal)**
Is ionann Sceideal a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin agus doiciméad a chuirtear i gceangal leis an gCreat Cistiúcháin agus ina bhfuil coinníollacha sonracha cistiúcháin do scéimeanna cistiúcháin aonair nó do chláir chistiúcháin aonair de réir mar a dhéanfar iad a leasú, a mhodhnú nó a fhorlíonadh ó am go ham. Tá Sceidil ina gcuid dhílis den Chreat Cistiúcháin, agus tá feidhm ag aon choinníollacha atá leagtha amach i Sceideal sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin seo agus tá feidhm acu i gcomhar leo.

**Reachtaíocht Earnála**
Áirítear leis seo an tAcht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971 (arna leasú), na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006 (arna leasú), Acht na nOllscoileanna, 1997 (arna leasú), agus Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (arna leasú).

**Coinníollacha Sonracha Cistiúcháin**
Is ionann coinníollacha sonracha cistiúcháin agus coinníollacha a bhaineann leis na scéimeanna sonracha cistiúcháin agus leis na cláir shonracha chistiúcháin. Beidh siad sin mar a bheidh i litreacha cistiúcháin aonair, i dtéarmaí agus coinníollacha aonair, i gcomhaontuithe deontais aonair nó i Sceidil aonair a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin, de réir mar is cuí do gach scéim shonrach cistiúcháin nó do gach clár sonrach cistiúcháin.

# Creat Cistiúcháin an ÚAO

## Breac-Chuntas ar an Sceideal agus Samplaí de

# Creat Cistiúcháin an ÚAO – Breac-Chuntas ar an Sceideal

**Sceideal [ ]**

Tá an Sceideal seo ina chuid dhílis de Chreat Cistiúcháin an ÚAO. Tá feidhm ag na coinníollacha atá leagtha amach sa Sceideal seo sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin agus tá feidhm acu i gcomhar leo. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

## Ainm na Scéime Cistiúcháin nó an Chláir Cistiúcháin

**Cuspóirí na Scéime Cistiúcháin nó an Chláir Cistiúcháin**

Sa rannán seo, tabharfar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil an scéim nó an clár ag teacht le cuspóirí agus feidhmeanna an ÚAO, mar atá sonraithe faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

**Incháilitheacht do Chistiú**

Sa rannán seo, déanfar tagairt do chatagóirí/cineálacha comhlachtaí cistithe de réir an Achta. Sonrófar ann na catagóirí atá incháilithe do chistiú faoin scéim ar leith nó faoin gclár ar leith agus/nó na coinníollacha atá le comhlíonadh ag comhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin chun a bheith incháilithe do chistiú faoin scéim cistiúcháin ar leith nó faoin gclár cistiúcháin ar leith.

**Tréimhse Cistiúcháin**

Sa rannán seo, leagfar amach an tréimhse dá bhfuil an cistiú á sholáthar.

**Prionsabail Leithdháileacháin**

Sa rannán seo, tabharfar breac-chuntas ar na prionsabail leithdháileacháin, lena n-áirítear na critéir mheastóireachta agus an próiseas meastóireachta do scéimeanna iomaíocha cistiúcháin agus do chláir iomaíocha chistiúcháin, agus na critéir/samhlacha leithdháileacháin do scéimeanna neamhiomaíocha cistiúcháin agus do chláir neamhiomaíocha chistiúcháin, ach gan a bheith teoranta dóibh.

**Caiteachas Incháilithe**

Sa rannán seo, léireofar na catagóirí caiteachais a cheadaítear: caiteachas reatha/caipitil; costais phá/neamhphá/indíreacha, etc.

### Coinníollacha Eile Cistiúcháin

Sa rannán seo, tabharfar breac-chuntas ar choinníollacha eile cistiúcháin is infheidhme maidir leis an scéim cistiúcháin ar leith nó maidir leis an gclár cistiúcháin ar leith, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe, ach gan a bheith teoranta dóibh.

### Faisnéis Bhreise

Sa rannán seo, tabharfar breac-chuntas ar aon fhaisnéis bhreise iomchuí eile a bhaineann leis an scéim cistiúcháin nó leis an gclár cistiúcháin.

# Creat Cistiúcháin an ÚAO – Sceideal Samplach 1

Tá an Sceideal seo ina chuid dhílis de Chreat Cistiúcháin an ÚAO. Tá feidhm ag na coinníollacha atá leagtha amach sa Sceideal seo sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin agus tá feidhm acu i gcomhar leo. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

## Croídheontas

### Cuspóirí na Scéime nó an Chláir

Tá soláthar an Chroídheontais ag teacht leis an bhfeidhm seo a leanas de chuid an ÚAO, de réir alt 9(1)(j) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022:

- *cistiú caipitil agus cistiú reatha a sholáthar do chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin, faireachán a dhéanamh ar chaiteachas ag comhlachtaí cistithe, agus cistiú a rialú nó aisíocaíocht cistiúcháin a lorg in imthosca áirithe.*

#### *Cuspóirí*

Soláthraítear an Croídheontas chun freastal ar ghnáthchaiteachas laethúil pá agus neamhphá a bhaineann le gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus tacaíochta de chuid institiúidí ardoideachais incháilithe.

### Incháilitheacht do Chistiú

Tá na comhlachtaí seo a leanas incháilithe chun an Croídheontas a fháil:

1. Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
2. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
3. Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
4. Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
5. Coláiste Mhuire gan Smál
6. Ollscoil Mhá Nuad
7. Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
8. An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
9. Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
10. Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
11. Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir
12. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
13. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
14. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
15. Ollscoil na Gaillimhe
16. Ollscoil Luimnigh

## Tréimhse Cistiúcháin

Is do bhliain féilire a leithdháiltear an Croídheontas.

## Prionsabail Leithdháileacháin

Leithdháiltear an Croídheontas de réir na Samhla bunaithe um Leithdháileadh Deontas Athfhillteach (SLDA). Cuireann Comhlachtaí Cistithe agus comhlachtaí atá incháilithe do Chroíchistiú tuairisceáin SLDA isteach, agus ullmhaíonn siad na tuairisceáin sin de réir treoracha arna n-eisiúint ag an ÚAO ar bhonn bliantúil.

## Caiteachas Incháilithe

Soláthraítear an Croídheontas mar bhlocdheontas chun gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus tacaíochta, agus na gníomhaíochtaí sin amháin, a chumhdach. Is faoi gach institiúid atá sé a roghnú conas a leithdháilfear cistí idir gníomhaíochtaí teagaisc agus gníomhaíochtaí taighde ar bhonn inmheánach.

Níor cheart, agus ní ceadmhach, an Croídheontas a úsáid chun aon ghníomhaíochtaí tráchtála de chuid na hinstitiúide a fhóirdheonú.

## Coinníollacha Eile Cistiúcháin

Tá feidhm ag na coinníollacha breise cistiúcháin seo a leanas maidir leis an gCroídheontas:

1. An *Comhaontú Formhaoirseachta* arna eisiúint ag an ÚAO gach bliain a chomhlíonadh.
2. A chinntiú go n-úsáidtear cistí ón gcroídheontas do ghníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus tacaíochta agus dóibh sin amháin.
3. *Creat Formhaoirseachta Rialachais an Údaráis um Ard-Oideachas – Institiúidí Ardoideachais* a chomhlíonadh.

## Faisnéis Bhreise

Eisíonn an ÚAO litir leithdháileacháin deontais gach bliain, rud ina gcuirtear Comhlachtaí Cistithe aonair ar an eolas faoina leithdháileadh Croídheontais.

Íoctar an Croídheontas le Comhlachtaí Cistithe ina thráthchodanna míosúla.

# Creat Cistiúcháin an ÚAO – Sceideal Samplach 2

Tá an Sceideal seo ina chuid dhílis de Chreat Cistiúcháin an ÚAO. Tá feidhm ag na coinníollacha atá leagtha amach sa Sceideal seo sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin agus tá feidhm acu i gcomhar leo. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

## An Ciste Tacaíochta do Champais Roinnte

### Cuspóirí na Scéime nó an Chláir

Tá soláthar an Chiste Tacaíochta do Champais Roinnte ag teacht le cuspóirí agus feidhmeanna an ÚAO mar atá sonraithe in alt 9(1)(f) agus (j) d'Acht 2022:

- *tacú le raon clár ardoideachais agus oiliúna a sholáthar arb é is aidhm dóibh freastal ar na riachtanais oideachais agus scileanna atá ag daoine aonair, ag gnólachtaí, ag fiontair, ag na gairmeacha, ag an bpobal, ag leasanna áitiúla agus ag geallsealbhóirí eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, lena n-áirítear na riachtanais oideachais agus scileanna atá ag daoine i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge, agus lasmuigh de Limistéir, de Bhailte agus de Líonraí den sórt sin, maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus a úsáid*
- *cistiú caipitil agus cistiú reatha a sholáthar do chomhlachtaí atá ag lorg cistiúcháin, faireachán a dhéanamh ar chaiteachas ag comhlachtaí cistithe, agus cistiú a rialú nó aisíocaíocht cistiúcháin a lorg in imthosca áirithe.*

#### *Cuspóirí*

Aithnítear leis an gcistiú seo go dteastaíonn ó institiúidí incháilithe a bhfuil campais roinnte acu tacaíocht chun tionchar na gcostas breise a bhaineann le campais roinnte a oibriú a mhaolú. Leis an gciste seo, cuirtear ar a gcumas do na hinstitiúidí sin freisin leanúint le freastal ar leas an phobail sa réigiún ina bhfuil na campais suite, go háirithe iad sin a bhfuil campais roinnte acu i limistéir faoi mhíbhuntáiste.

### Incháilitheacht do Chistiú

**Critéir incháilitheachta**

1. Ní mór don Institiúid roinnt campas a bheith aici ina bhfuil an ghníomhaíocht teagaisc atá bainteach le cúrsaí a sholáthar ag leibhéil 6 – 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar bun.
2. Tá an fad idir na campais 45 km ar a laghad.
3. Níl an Institiúid ag fáil cistiú imfhálaithe cheana féin chun críocha gaolmhara.
4. Tá saoráidí teagaisc atá suite in Ospidéil eisiata ón tionscnamh seo.

## Tréimhse Cistiúcháin

Is do bhliain féilire a leithdháiltear cistiú faoin gCiste Tacaíochta do Champais Roinnte.

## Prionsabail Leithdháileacháin

**Cur chuige i leith leithdháiltí tacaíochta i dtreo caiteachas oibriúcháin**

Úsáidtear an fhoirmle chomhaontaithe seo a leanas le haghaidh leithdháiltí a chinneadh:

**(L - 1) * AC**

Sa chás sin:

- **L - 1**: Is ionann L agus an líon campas de chuid institiúide ardoideachais ar ina leith atá an fad idir campais níos mó ná 45 km. Ós rud é go bhfuil an tacaíocht ainmnithe do champais roinnte, asbhaintear ceann amháin de na campais de chuid na hinstitiúide ardoideachais (- 1) ón líon campas incháilithe (L).
- Is ionann **AC** agus aonad cistiúcháin socraithe airgeadúil.

Soláthrófar leithdháileadh forlíontach i gcás go gcuimsíonn toipeolaíocht na hinstitiúide roinnt campas a bhfuil tionchar uirbeach measartha acu agus atá suite i limistéir thuaithe/iargúlta (de réir na Príomh-Oifige Staidrimh). Áirítear leo sin campais roinnte i limistéir faoi mhíbhuntáiste – cnuasaigh san Iarthar agus san Iarthuaisceart.

## Caiteachas Incháilithe

Soláthraítear cistiú faoin gCiste Tacaíochta do Champais Roinnte sa bhreis ar an gCroídheontas a sholáthraítear d'institiúidí incháilithe. Féach Sceideal 1 a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin.

## Coinníollacha Eile Cistiúcháin

### *Úsáid Cistiúcháin*

1. Is iad na hinstitiúidí a chinneann an leithdháileadh inmheánach de réir na gceanglas institiúideach a bhaineann lena gcumraíocht roinnte.
2. Tá an neamhspleáchas agus an tsolúbthacht ag institiúidí ardoideachais chun a chinneadh conas is fearr is féidir inbhuanaitheacht a áirithiú ar fud a n-oibríochta ina hiomláine, agus leas á bhaint acu as buntáistí agus láidreachtaí na gcampas aonair.
3. Ceanglaítear ar institiúidí a chinntiú go gcuirtear tionscnaimh réigiúnacha san áireamh sa chreat feidhmíochta straitéiseach.

### *Tuairisciú*

Iarrfar ar institiúidí ardoideachais an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar úsáid agus tionchar an chistiúcháin ag an gCruinniú bliantúil Buiséid agus Cuntasachta.

## Faisnéis Bhreise

Eisíonn an ÚAO litir leithdháileacháin deontais gach bliain, rud ina gcuirtear Comhlachtaí Cistithe aonair atá ag fáil cistiúcháin ar an eolas faoina leithdháileadh faoin gCiste Tacaíochta do Champais Roinnte.

Íoctar an leithdháileadh ina thráthchuid aonair.

Feabhra 2025